Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Iascach

2024/2126(INI)

16.12.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le tionchar chur chun feidhme Threoir 2014/89/AE maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí ar iascaigh i limistéir iascaireachta agus in imchuacha farraige roghnaithe
(2024/2126(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Stéphanie Yon-Courtin

CLÁR

Leathanach

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN — ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ.....3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA 5

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR.....13

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN — ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ

Torthaí maidir le cur chun feidhme na Treorach

Dul chun cinn míchothrom agus dúshláin rialachais:
Bhí cur chun feidhme na Treorach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí míchothrom agus neamhiomlán. Tá éagsúlacht shuntasach idir na Ballstáit maidir le hábhar na bpleananna pleanála spásúla muirí mar gheall ar chineálacha éagsúla cur chuige maidir le cineál ceangailteach agus rialachas na bpleananna.

Tionchar ar iascach agus ar dhobharshaothrú:
Níor baineadh tairbhí suntasacha amach leis an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí d'iascaigh. Bíonn dúshláin maidir le srianta spásúla, úsáidí iomaíocha, easáitiú cabhlach, agus brú méadaithe ar na tailte atá fágtha roimh ghníomhaíochtaí iascaireachta. Tá an t-iascach ar mionscála an-leochaileach. Tá feabhsuithe beaga tagtha ar dhobharshaothrú ach tá sé fós ag streachailt le nósanna imeachta ceadúnúcháin a bhfuil ualach mór ag baint leo, easpa criosanna tiomnaithe, agus aitheantas neamhréireach ar fud na mBallstát.

Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus an ghné shóisialta:
Cé go bhfuil feabhas tagtha ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, tá sé fós srianta. Is olc le hiascairí agus le pobail chósta easpa rannpháirtíochta luaithe agus fóintí i bpróisis pleanála spásúla muirí, i gcomparáid le hearnálacha níos láidre amhail fuinneamh amach ón gcósta agus loingseoireacht.

Bearnaí sa bhailiú sonraí agus bacainní teicniúla:
Déanann an easpa sonraí comhchuibhithe agus acmhainní leordhóthanacha le haghaidh bailiú sonraí agus taighde difear do chur chun feidhme éifeachtach na pleanála spásúla muirí, rud a fhágann go bhfuil sé deacair cur chuige bunaithe ar éiceachórais a chur i bhfeidhm agus iascach agus dobharshaothrú a chomhtháthú go leordhóthanach i gcreataí pleanála spásúla muirí.

Comhordú trasteorann:
Tá an comhar idir na Ballstáit agus le tríú tíortha teoranta i gcónaí. Cé gur céimeanna dearfacha iad tionscnaimh amhail Tionscnamh Mhór-Imchuach na Mara Thuaidh (GNSBI), tá pleanáil trasteorann agus pleanáil atá bunaithe ar imchuacha farraige níos leithne fós in easnamh.

Moltaí ón Rapóirtéir

Comhleanúnachas reachtach a neartú:
Ní mór an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí a ailíniú níos fearr le reachtaíocht ghaolmhar an Aontais, go háirithe an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, CBI agus an Treoir Réime maidir le hUisce, chun cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach a áirithiú.

Cur chuige cothrom ilúsáide:
Le pleanáil spásúil mhuirí, ba cheart cur chuige ilúsáide a ghlacadh lena laghdaítear coinbhleachtaí agus lena n-áirithítear nach n-eisiatar iascach agus dobharshaothrú ón spás muirí. Ba cheart limistéir thosaíochta le haghaidh an iascaigh agus an dobharshaothraithe a

bhunú, i gcás inar féidir, ar limistéir iad a bheidh saincheaptha do ranna cabhlaigh agus d'imchuacha farraige éagsúla, bunaithe ar mheasúnuithe láidre eolaíocha agus socheacnamaíocha.

Rialachas cuimsitheach agus Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara:
Ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht chórasach agus luath na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile a áirithiú, lena n-áirítear iascairí ar mionscála agus pobail chósta. Ba cheart samhlacha comhbhainistíochta a chur chun cinn, chomh maith le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail agus grúpaí gníomhaíochta áitiúla.

Comhar trasteorann agus imchuach farraige:
Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit bogadh ó phleananna náisiúnta go straitéisí imchuach farraige, creataí pleanála macrairéigiúnacha a fhorbairt agus comhar le stáit chósta chomharsanacha a fheabhsú.

Infheistíocht sonraí agus taighde:
Ba cheart acmhainní suntasacha a leithdháileadh ar bhailiú sonraí agus ar thaighde eolaíoch. Le sonraí feabhsaithe, beifear in ann pleanáil fhianaisebhunaithe a dhéanamh agus áit an iascaigh agus an dobharshaothraithe a dhaingniú i gcreataí pleanála spásúla muirí.

Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí:
Leis an nGníomh um na hAigéin atá ar na bacáin, ba cheart an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí a bhaint amach agus creat comhleanúnach a bhunú chun feabhas a chur ar an gcomhordú idir an reachtaíocht atá ann cheana, chun spriocanna níos ceangailtí agus níos intomhaiste a thabhairt isteach agus chun feabhas a chur ar phleanáil ar muir agus ar tír.

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

maidir le tionchar chur chun feidhme Threoir 2014/89/AE maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí ar iascaigh i limistéir iascaireachta agus in imchuacha farraige roghnaithe (2024/2126(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

ag féachaint do Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat pleanála spásúla muirí[1] (an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí),

– ag féachaint do Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)[2],

ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle[3] (an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004[4],

– ag féachaint do Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú[5] (an Treoir maidir le Gnáthóga),

ag féachaint do Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú[6] (an Treoir maidir le hÉin),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2025 dar teideal ‘An Comhshocrú Eorpach um an Aigéan’ (COM(2025)0281),

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2021 maidir le tionchar feirmeacha gaoithe amach ón gcósta agus córas eile fuinnimh in-athnuaite ar an earnáil iascaireachta[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Bealtaine 2023 maidir le comhbhainistiú iascaigh san Aontas agus rannchuidiú earnáil an iascaigh le bearta bainistíochta a chur chun

[1] IO L 257, 28.8.2014, lch. 135, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/89/oj.
[2] IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj.
[3] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.
[4] IO L 247, 13.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1139/oj.
[5] IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj.
[6] IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj.
[7] IO C 99, 1.3.2022, lch. 88.

feidhme[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2024 maidir le staid na himeartha i ndáil leis an gComhbheartas Iascaigh a chur chun feidhme agus peirspictíochtaí a bheidh ann amach anseo[9],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 dar teideal '*Strategic guidelines for a more sustainable and competitive EU aquaculture for the period 2021 to 2030*' [Treoirlínte straitéiseacha maidir le dobharshaothrú AE a bheidh níos inbhuanaithe agus níos iomaíche don tréimhse 2021 go 2030] (COM(2021)0236),

– ag féachaint don fhaisnéisiú dar teideal 'Iascach sa phleanáil spásúil mhuirí' a d'fhoilsigh a hArd-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh i mí Dheireadh Fómhair 2025,

– ag féachaint don staidéar dar teideal 'Cur chun feidhme na Treorach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí: Tionchar ar iascach i limistéir iascaireachta roghnaithe agus in imchuacha farraige' a d'fhoilsigh an Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh i mí na Nollag 2025,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) den chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas, agus d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil méadú ar choinbhleacht maidir le húsáid an spáis mhuirí mar thoradh ar iomaíocht mhéadaithe le haghaidh rochtain ar spás muirí ó ghníomhaíochtaí agus earnálacha éagsúla, amhail iascach, dobharshaothrú, iompar muirí, loingseoireacht, fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, caomhnú an dúlra, turasóireacht chósta, cáblaí agus píblínte faoi uisce, nó cosaint;

B. de bhrí go mbunaítear le Treoir an Aontais maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí creat coiteann do na Ballstáit chun úsáid a n-uiscí muirí a eagrú agus go bhfuil sé d'aidhm aici forbairt inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm a chur chun cinn agus coinbhleacht idir earnálacha a laghdú;

C. de bhrí go rannchuidíonn an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí le cosaint an chomhshaoil trí úsáid inbhuanaithe an spáis mhuirí a chur chun cinn agus go bhforáiltear léi nach mór do na Ballstáit cur chuige bunaithe ar éiceachórais a chur i bhfeidhm;

D. de bhrí go bhfuil dlúthnasc idir an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí agus cur chun feidhme reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus ionstraimí dlí idirnáisiúnta, amhail an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, an Treoir maidir le Gnáthóga agus an Treoir maidir le hÉin,

[8] IO C, C/2023/1060, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1060/oj.
[9] IO C, C/2024/5734, 17.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5734/oj.

an Treoir Réime maidir le hUisce[10], agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal;

E. de bhrí, tar éis ghlacadh na Treorach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí, gur ceanglaíodh ar na 22 Bhallstát a bhfuil imeallbhord acu údaráis inniúla a cheapadh faoi 2016 agus pleananna spásúla muirí náisiúnta a ghlacadh dá n-uiscí muirí faoin 31 Márta 2021;

F. de bhrí go bhfuil pleananna spásúla muirí glactha go dtí seo ag 20 Ballstát as na 22 Bhallstát a bhfuil imeallbhord acu, agus go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar go leor acu anois;

G. de bhrí, agus pleananna spásúla muirí á bhforbairt, nach mór do na Ballstáit gnéithe comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus sábháilteachta, idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige, comhar trasteorann a mheas, agus rannpháirtíocht na bpairtithe leasmhara ábhartha uile a áirithiú;

H. de bhrí go bhfuil éagsúlacht mhór idir leibhéal cur chun feidhme na Treorach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí ó Bhallstát go chéile, mar gheall ar dhifríochtaí i struchtúir riaracháin agus rialachais ó chórais logánta go córais níos láraithe;

I. de bhrí go bhfuil éagsúlacht mhór idir na pleananna spásúla muirí ó thaobh cineáil agus ábhair de, ós rud é nach bhfuil an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí ceangailteach agus go bhfágann sí solúbthacht shuntasach ag na Ballstáit maidir lena cur chun feidhme;

J. de bhrí go bhfuil géarghá le pleanáil spásúil mhuirí i limistéir ina bhfuil comhchruinniú ard gníomhaíochta agus spás muirí teoranta, amhail Muir nIocht nó Muir Bhailt;

K. de bhrí go bhfuil earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe faoi bhrú ó earnálacha an gheilleagair ghoirm atá ag teacht chun cinn, amhail fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, agus go ndéanann bearta caomhnaithe muirí difear dóibh;

L. de bhrí go bhfuil díláithriú gníomhaíochtaí iascaireachta, brú méadaithe iascaireachta agus iomaíocht idir cabhlaigh, agus imeacht codanna áirithe, go háirithe san iascach ar mionscála, mar thoradh ar chailliúint mhéadaitheach meánna iascaireachta;

M. de bhrí go bhfuil limistéir mhuirí agus chósta thíos le hiarmhairtí an athraithe aeráide, an truaillithe agus an bhruscair mhuirí, rud a dhéanann difear freisin do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfarraige, leis an mbithéagsúlacht mhuirí agus le hacmhainní iascaigh;

N. de bhrí go bhféadfadh rioscaí nó contúirtí áirithe a bhaineann le sábháilteacht soithí nó le neamhchosaint ar chineálacha áirithe gáinneála trí bhealaí muirí a bheith roimh ghairmithe muirí, amhail iascairí;

O. de bhrí nach gcumhdaítear le go leor de na pleananna spásúla muirí ach spásanna muirí agus nach n-áirítear leo idirghníomhaíochtaí ar muir agus ar tír;

[10] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

P. de bhrí nach leor cur chun feidhme cur chuige bunaithe ar éiceachórais nó go bhfuil sé in easnamh, ós rud é go bhfuil go leor Ballstát ag streachailt chun é a chur i bhfeidhm sa chleachtas agus chun ceanglais na Treorach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí a ailíniú le ceanglais reachtaíochta eile amhail CBI nó an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí;

Q. de bhrí go bhfuil bailiú agus comhchuibhiú sonraí ríthábhachtach chun a chinneadh conas a áirítear iascach agus dobharshaothrú sa phleanáil spásúil mhuirí;

Cur chun feidhme na Treorach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí agus a tionchar ar iascach agus ar dhobharshaothrú

1. á thabhairt chun suntais, cé go gcuirtear creat trasearnála ábhartha ar fáil don chomhar leis an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí, go bhfuil sí curtha chun feidhme go míchothrom ag na Ballstáit;

2. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag roinnt Ballstát maidir leis an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí a chur chun feidhme, le straitéisí comhtháite náisiúnta, comhlachtaí tiomnaithe agus pleananna gníomhaíochta le haghaidh imchuacha farraige;

3. á thabhairt dá haire go bhfuil pleananna spásúla muirí ceangailteach ó thaobh dlí i roinnt Ballstát agus go bhfuil siad comhairleach i mBallstáit eile; ag cur béim ar an bhfíoras gur minic a chuirtear bac ar chur chun feidhme sna Ballstáit mar gheall ar dheighilt institiúideach, rialachas ilroinnte agus sásraí dlíthiúla neamhleora;

4. á chur i dtábhacht go bhfuil éagsúlacht mhór idir cur chun feidhme agus éifeachtacht na pleanála spásúla muirí idir réigiúin mhuirí an Aontais, agus go bhfuil roinnt réigiún, amhail Muir Bhailt nó an Mhuir Thuaidh, cumhdaithe den chuid is mó le pleananna spásúla muirí, agus go bhfuil i bhfad níos lú cumhdaigh pleanála ag réigiúin eile, amhail an Mheánmhuir;

5. á chur in iúl gur geal léi Tionscnamh Mhór-Imchuach na Mara Thuaidh (GNSBI), lena dtugtar le chéile na Ballstáit agus tíortha nach bhfuil san Aontas agus é d'aidhm aige ailíniú agus comhordú níos fearr a bhaint amach maidir le pleananna spásúla muirí;

6. á thabhairt chun suntais go bhfuil tionscnaimh trasteorann teoranta i gcónaí agus go bhfuil comhordú éifeachtach in easnamh, rud a chuireann bac ar iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte ar fud réigiúin mhuirí idirnasctha; á chur in iúl gur saoth léi na deacrachtaí a bhaineann le comhar pleanála spásúla muirí idir na Ballstáit agus tíortha nach bhfuil san Aontas, go háirithe stáit chósta chomharsanacha;

Tairbhí na pleanála spásúla muirí don iascach agus don dobharshaothrú

7. á chur in iúl gur oth léi nár baineadh amach go leormhaith leis an gcreat dlíthiúil pleanála spásúla muirí atá ann faoi láthair na tairbhí a bhfuil coinne leo don iascach; á thabhairt dá haire nár rannchuidigh an phleanáil spásúil mhuirí go mór le hintuarthacht agus cobhsaíocht a fheabhsú do ghníomhaíochtaí iascaigh; ag cur béim ar an easpa táscairí intomhaiste don iascach sa phleanáil spásúil mhuirí;

8. á thabhairt chun suntais, cé go bhfuil tairbhí imeallacha ag baint leis an gcreat dlíthiúil pleanála spásúla muirí don dobharshaothrú, go bhfuil gá le feabhsuithe maidir le spás

muirí a ainmniú, aitheantas don earnáil, comhleanúnachas trasteorann, deimhneacht dhlíthiúil agus ceadúnú;

9. ag cur béim ar an bhfíoras nár comhlíonadh go substaintiúil an cuspóir maidir le coinbhleacht idir earnálacha agus úsáideoirí éagsúla na farraige a íoslaghdú, go háirithe maidir le hiascach agus dobharshaothrú;

10. á thabhairt chun suntais go n-athraíonn cineál na coinbhleachta maidir le húsáid an spáis mhuirí de réir an chineáil gníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe lena mbaineann, agus go bhféadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin dul in iomaíocht le chéile freisin le haghaidh spás muirí; ag cur béim ar an bhfíoras gurb iad na príomhchoinbhleachtaí a dhéanann difear don iascach cailliúint meánna mar gheall ar limistéir mhuirí a eisiamh, srianta ar rochtain, iomaíocht le haghaidh rochtana agus ilroinnt spásúil, agus gurb iad na príomhchoinbhleachtaí a dhéanann difear don dobharshaothrú forluí criosaithe, ábhair imní chomhshaoil agus iomaíocht i dtaca le gabháil;

11. ag cur béim ar an bhfíoras nach dtairbhíonn iascaigh de limistéir thosaíochta ná de limistéir thiomnaithe agus gur minic a bhíonn orthu oibriú i spásanna muirí neamh-leithdháilte; á thabhairt dá haire, cé go bhfuil an dobharshaothrú níos oiriúnaí i bprionsabal do limistéir fhorchoimeádta, go bhfuil éagsúlacht mhór idir na cineálacha cur chuige idir na Ballstáit agus gur minic a bhíonn ualach ag baint le nósanna imeachta ceadúnúcháin;

12. á thabhairt chun suntais, cé go bhfuil criosanna ilúsáide bunaithe ag roinnt Ballstát, go gcuirtear an cur chuige chun feidhme go príomha trí chur chuige tionscadalbhunaithe; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé an-deacair cur chuige ilúsáide a chur chun feidhme i gcás gníomhaíochtaí áirithe, go háirithe idir an t-iascach, cosaint na bithéagsúlachta agus fuinneamh in-athnuaite muirí; á thabhairt dá haire go n-ardaíonn cur chuige ilúsáide ábhair imní árachais agus slándála d'iascairí agus do ghairmithe dobharshaothraithe;

13. á chur in iúl gur geal léi samplaí rathúla de chomhshuí gníomhaíochtaí, amhail bonneagar gaoithe fosaithe nó ar snámh amach ón gcósta is féidir a úsáid freisin chun feirmeoireacht dobharshaothraithe agus sliogéisc, gnáthóga fána agus flóra muirí nó gníomhaíochtaí athghiniúnacha a fhorbairt;

14. á thabhairt chun suntais go bhfuil comhordú ar muir agus ar tír fós ina laige chriticiúil i gcur chun feidhme na pleanála spásúla muirí;

Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus bailiú sonraí

15. á thabhairt chun suntais go bhfuil méadú tagtha ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus an phobail cósta i bpróiseas na pleanála spásúla muirí ach go bhfuil sí srianta i gcónaí; á chur in iúl gur oth léi gur minic nach mbíonn rannpháirtíocht ná comhairliúchán luath agus foirmiúil ann mar gheall ar an rannpháirtíocht sin, rud a chuireann deis theoranta ar fáil chun fíorthionchar a imirt ar chinntí pleanála;

16. ag cur sonrú i ndea-shamplaí de rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i roinnt Ballstát, amhail comhairliúcháin náisiúnta agus próisis rannpháirtíochta; á chur in iúl gur oth léi, áfach, an easpa forálacha ceangailteacha maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara; á

thabhairt dá haire go gcuireann sé sin bac ar rannpháirtíocht iascairí agus gairmithe dobharshaothraithe i bpróisis chomhairliúcháin agus chinnteoireachta;

17. ag cur béim ar an bhfíoras gur minic a bhíonn an t-iascach agus an dobharshaothrú faoi scáth earnálacha eile atá níos cumhachtaí nó níos tábhachtaí ó thaobh an gheilleagair de, amhail fuinneamh amach ón gcósta; á chur in iúl gur saoth léi gur minic a sheachnaíonn earnálacha agus oibreoirí áirithe próisis chomhairliúcháin, ar chostas gníomhaithe nach bhfuil chomh heagraithe céanna, amhail iascairí ar mionscála;

18. á chur in iúl gur saoth léi an easpa sonraí comhchuibhithe agus inchomparáide maidir le staid na n-aigéan agus na bhfarraigí, acmhainní iascaigh agus tionchar an athraithe aeráide, chomh maith leis an easpa sonraí socheacnamaíocha cuí; ag cur béim ar an easpa comhchuibhithe idir córais bailithe sonraí na mBallstát;

19. á thabhairt chun suntais go gcuireann mí-ailíniú sonraí, amhail bonnlínte geospásúla neamh-chomhoiriúnacha, agus neamhréir ama, amhail timthriallta athbhreithnithe ar leith do phleananna spásúla muirí, bac ar chur chun feidhme na pleanála spásúla muirí comhleanúnaí agus ar chur chuige bunaithe ar éiceachórais;

Moltaí

20. á chur i bhfáth go bhfuil gá le cur chuige níos iomlánaíche agus le comhordú níos fearr idir reachtaíocht ábhartha an Aontais, go háirithe idir an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí agus an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, chun cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach na pleanála spásúla muirí a áirithiú;

21. á chur in iúl go gcreideann sí gur cheart go léireodh pleananna spásúla muirí riachtanais spásúla, chomhshaoil agus shocheacnamaíocha ar bhealach níos fearr, chomh maith le saintréithe sonracha gach imchuach farraige; á chur i bhfáth gur cheart do na Ballstáit an comhordú idir údaráis úsáide talún agus údaráis mhuirí a neartú agus pleananna spásúla muirí á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu;

22. á iarraidh go gcuirfí cur chuige cothrom ilúsáide chun feidhme maidir le pleanáil spásúil mhuirí, chun na héifeachtaí díobhálacha ar iascach agus ar dhobharshaothrú a íoslaghdú agus chun a áirithiú nach n-eisiafar na gníomhaíochtaí sin ón spás muirí; á mheas nár cheart go mbeadh forbairt gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann leis an ngeilleagar gorm chun dochair do tháirgeadh bia mara, do bhiafhlaitheas agus do chaomhnú na bithéagsúlachta muirí;

23. ag cur béim ar an ngá atá le tacaíocht neartaithe d'iascaigh laistigh den phleanáil spásúil mhuirí; á chur in iúl go dtacaíonn sí le criosú spásúil soiléir agus criosanna tosaíochta a bhunú d'iascaigh, atá saincheaptha do ranna cabhlaigh agus d'acmhainní iascaigh éagsúla, chomh maith le himchuacha farraige, agus atá bunaithe ar mheasúnuithe láidre eolaíocha agus socheacnamaíocha;

24. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feirmeoireacht dobharshaothraithe agus sliogéisc a chomhtháthú a thuilleadh sa phleanáil spásúil mhuirí agus aitheantas a thabhairt do na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn dobharshaothrú ísealtrófach; á iarraidh go n-ainmneofaí spásanna muirí tiomnaithe do chriosanna forbartha dobharshaothraithe sa phleanáil spásúil mhuirí; á iarraidh go n-éascófaí nósanna imeachta ceadúnúcháin agus go laghdófaí bacainní rialála ar fhorbairt na

ngníomhaíochtaí sin;

25. ag cur beim béim ar an ngá atá le rialachas trédhearcach, il-pháirithe leasmhara sa phleanáil spásúil mhuirí; ag iarraidh ar na Ballstáit rannpháirtíocht luath, chórasach, fhóinteach agus leanúnach na bpáirtithe leasmhara ábhartha i bpróisis pleanála spásúla muirí agus sna torthaí deiridh a áirithiú, agus aiseolas trédhearcach a áireamh maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear ionchur na bpáirtithe leasmhara sa chinnteoireacht; á iarraidh go gcaithfear go cothrom le gach páirtí leasmhar agus le pobail chósta;

26. á chur in iúl go gcreideann sí gur cheart an chomhbhainistíocht a úsáid mar an tsamhail le haghaidh rialachais agus cinnteoireachta sa phleanáil spásúil mhuirí; ag cur béim ar na tairbhí a bhaineann leis an tsamhail sin, lena gceadaítear rannpháirtíocht dhíreach na bpáirtithe leasmhara, bainistiú níos fearr ar acmhainní iascaigh, comhroinnt dea-chleachtas agus cur chuige atá saincheaptha do réaltachtaí áitiúla;

27. ag cur i bhfáth na dtairbhí a bhaineann le struchtúir ón mbun aníos do chur chun feidhme áitiúil na pleanála spásúla muirí, amhail Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail agus Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla;

28. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le fothú acmhainneachta na bpáirtithe leasmhara, go háirithe iascairí ar mionscála agus a n-eagraíochtaí, agus pobail chósta, ionas gur fearr a bheidh siad in ann páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin phoiblí agus i bpróisis chinnteoireachta a bhaineann leis an bpleanáil spásúil mhuirí;

29. á chur i bhfáth nach mór an tionchar ar an iascach agus ar an dobharshaothrú a chur san áireamh agus limistéir á n-ainmniú atá tiomnaithe d'fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta nó d'éiceachórais mhuirí a chosaint; á áitiú gur gá measúnuithe tionchair carnacha comhshaoil agus socheacnamaíocha a dhéanamh go córasach, agus a áirithiú go gcuirfear na gairmithe lena mbaineann, go háirithe iascairí i gcás tionscadail feirme gaoithe amach ón gcósta, ar an eolas roimh ré agus go rachfar i gcomhairle leo ar bhonn éigeantach sula ndéanfar cinntí; á iarraidh, i ndáil leis sin, go ndéanfaí measúnuithe ar an tionchar ar staid na n-acmhainní iascaigh i ndáil leis na feirmeacha gaoithe amach ón gcósta atá ann cheana;

30. ag iarraidh ar an gCoimisiún tacú le cur chuige níos trasteorann agus níos bunaithe ar imchuacha farraige maidir le pleanáil spásúil mhuirí trí thionscnaimh atá ann cheana, amhail GNSBI, a chur chun cinn; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, in éineacht le stáit chósta chomharsanacha, páirt a ghlacadh in ardáin réigiúnacha chomhbhainistíochta, agus leas á bhaint as sampla an Choimisiúin chun Muirthimpeallacht Mhuir Bhailt a Chosaint (ar a dtugtar Coimisiún Heilsincí nó HELCOM freisin);

31. ag iarraidh ar na Ballstáit imeacht ó phleananna náisiúnta go pleananna atá dírithe níos mó ar imchuacha farraige agus straitéisí pleanála macrairéigiúnacha a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear pleananna spásúla muirí comhpháirteacha; ag tathant ar na Ballstáit agus ar thíortha nach bhfuil san Aontas, go háirithe stáit chósta chomharsanacha, a gcomhar maidir leis an bpleanáil spásúil mhuirí a dhoimhniú;

32. á iarraidh go ndéanfaí bearta um maolú ar an athrú aeráide agus réitigh dhúlrabhunaithe a chomhtháthú sa phleanáil spásúil mhuirí, chun dul i ngleic le saincheisteanna a dhéanann difear don iascach agus don dobharshaothrú, amhail creimeadh cósta, teochtaí

atá ag ardú, aigéadú na n-aigéan agus truailliú;

33. á chur i bhfáth gur gá acmhainní suntasacha a leithdháileadh ar bhailiú sonraí agus ar thaighde eolaíoch, chomh maith le feabhas a chur ar chomhroinnt sonraí agus ar chomhordú idir na Ballstáit; á chreidiúint go gcuideoidh sonraí agus modheolaíochtaí níos caighdeánaithe agus níos comhchuibhithe le háit an iascaigh agus an dobharshaothraithe sa phleanáil spásúil mhuirí a dhaingniú; á chur i dtábhacht, i ndáil leis an méid sin, gur gá sonraí eolaíocha a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta maidir le tionchar an athraithe aeráide ar acmhainní iascaigh, go háirithe maidir le hathruithe ar stoic éisc nó maidir lena n-easáitiú;

34. ag iarraidh ar an gCoimisiún faireachán dian a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí; á mheas gur cheart a dhíriú sa chéad tuarascáil mheastóireachta eile ar an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí ar na himpleachtaí spásúla d'iascach agus do dhobharshaothrú, do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus do chomhar trasteorann, agus moltaí a sholáthar maidir leis an gcaoi a bhféadfadh an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí torthaí níos fearr a bhaint amach ó thaobh na hinbhuanaitheachta comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíche de;

35. ag iarraidh ar an gCoimisiún an tArdán Eorpach um Pleanáil Spásúil Mhuirí a chomhdhlúthú trí shamplaí de thionscadail pleanála spásúla muirí, d'uirlisí mapála agus de dhea-chleachtais a chur ar fáil; ag tathant, ina leith sin, ar na Ballstáit úsáid níos mó a bhaint as an ardán sin agus a bpleananna spásúla muirí á bhforbairt acu;

36. á chur in iúl go dtacaíonn sí leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí mar chuid den 'ghníomh um na haigéin' a bhfuil coinne leis in 2026; á mheas gur cheart, leis an athbhreithniú sin, creat comhleanúnach a bhunú chun feabhas a chur ar an gcomhordú idir an reachtaíocht atá ann cheana agus an creat rialála, trí rialacháin fhorluiteacha a chuíchóiriú, cuspóirí a ailíniú, spriocanna níos ceangailtí agus níos intomhaiste a thabhairt isteach i bpleananna spásúla muirí, comhleanúnachas idir an phleanáil spásúil mhuirí agus an phleanáil spásúil talún a fheabhsú, agus uirlisí rialachais comhroinnte a bhunú; á mheas gur cheart don athbhreithniú ar an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí an cur chuige trasteorann, ilúsáide agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a dhoimhniú freisin;

37. á mheas gur cheart plean gníomhaíochta agus acmhainní airgeadais tiomnaithe a bheith ag gabháil leis an athbhreithniú atá le teacht ar an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí, go háirithe laistigh den chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile;

38. ag iarraidh ar an gCoimisiún an phleanáil spásúil mhuirí a chomhtháthú go hiomlán i bhforbairt Fhís 2040 don iascach agus don dobharshaothrú agus na tionscnaimh sin a nascadh le tabhairt i gcrích na meastóireachta ar an gComhbheartas Iascaigh;

°

° °

39. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
- Seas at Risk - WWF European Policy Office - Comité National des Pêches Maritimes et des Élevages Marins - Comité National de la Conchyliculture - European Molluscs' Producers Association - Régions de France - North Sea Advisory Council - European Commission's DG for Maritime Affairs and Fisheries (MARE) - Federation of European Aquaculture Producers (FEAP) - Fórum Oceano - IUCN
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Rinneadh an liosta seo thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), ina leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin, a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).